Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8602/26**

**EF 133**
**ECOFIN 529**
**ENV 416**
**SUSTDEV 34**
**DELACT 80**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 24 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2580 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 24.4.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe rátála ESG |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2580 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2580 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.4.2026
C(2026) 2580 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.4.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe rátála ESG**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859 (dá ngairtear an Rialachán maidir le rátáil ESG anseo feasta) cáilíocht na faisnéise faoi rátálacha ESG a fheabhsú, (i) trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht saintréithe agus modheolaíochtaí rátálacha ESG, agus (ii) trí shláine mhéadaithe oibríochtaí soláthraithe rátálacha ESG agus cosc ar rioscaí coinbhleachta leasa ar leibhéal soláthraithe rátálacha ESG a áirithiú.

Le hAirteagal 42, mír 2, an dara líne, den Rialachán maidir le rátálacha ESG, ceanglaítear ar an gCoimisiún Rialachán a ghlacadh, trí bhíthin gníomh tarmligthe, chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chineál na dtáillí, na nithe a mbeidh na táillí dlite ina leith, méid na dtáillí agus an t-údar atá leo faoi seach, an modh ina n-íocfar iad agus, i gcás inarb infheidhme, an bealach a aisíocfaidh ESMA na húdaráis inniúla a shonrú i leith aon chostas a d'fhéadfaidís a thabhú agus cúraimí á ndéanamh acu de bhun an Rialacháin seo, go háirithe mar thoradh ar aon tarmligean cúraimí de bhun an Rialacháin maidir le rátálacha ESG.

Leis an Rialachán Tarmligthe seo ón gCoimisiún, tugtar aghaidh ar na pointí uile sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le Sainghrúpa na mBallstát maidir leis an gCoiste Eorpach um Urrúis an 26 Márta 2026.

Sholáthair ESMA ionchur maidir le táillí maoirseachta i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le rátáil ESG, go háirithe maidir le margadh sholáthraithe rátála ESG an Aontais a mhapáil, na cineálacha éagsúla táillí atá le bailiú, scéim ríofa méideanna táillí atá beartaithe agus na foirmiúlachtaí a bhaineann le táillí a ríomh agus a íoc.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Foráiltear le hAirteagal 1 den Ghníomh an príomhphrionsabal go gcumhdófar leis na táillí a ghearrtar ar sholáthraithe rátála ESG na costais uile a bhaineann le caiteachas riachtanach ESMA maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátála ESG agus maidir le haisíoc aon chostas a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a thabhú agus cúraimí á ndéanamh acu de bhun an Rialacháin seo, go háirithe mar thoradh ar aon tarmligean cúraimí. Tógtar an prionsabal sin ó Airteagal 42(1) den Rialachán maidir le rátáil ESG.

Le hAirteagal 2 leagtar síos rialacha maidir le conas an láimhdeachas is infheidhme maidir le leithdháiltí na dtáillí a chinneadh. Chun ríomh na dtáillí ag ESMA a éascú, ba cheart do sholáthraithe rátála ESG cuntais iniúchta nó na figiúirí ábhartha arna ndeimhniú ag iniúchóirí seachtracha a chur isteach, de réir mar is infheidhme. Ina theannta sin, chun comhsheasmhacht a áirithiú i measc gníomhartha tarmligthe maidir le táillí a íoctar le ESMA, agus chun é a chur ar a chumas do ESMA sonraí láimhdeachais iniúchta a dhiúscairt in am trátha chun meastachán a dhéanamh ar tháillí atá dlite do ESMA ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ba cheart gurbh í bliain tagartha na gcuntas iniúchta chun an láimhdeachas is infheidhme a chinneadh an bhliain atá 2 bhliain roimh an mbliain ar ina leith a ghearrann ESMA táillí ar an ngníomhaireacht rátála creidmheasa. Ar deireadh, déantar láimhdeachas is infheidhme na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa a ríomh in euro. Is gá, dá bhrí sin, sásra a shonrú chun ioncam a ghintear in airgeadraí eile a chomhshó in euro.

Tá an Gníomh Tarmligthe i gcomhréir leis na gnéithe comhchuibhithe a bhaineann le táillí faoi phacáiste 2024 agus leis na prionsabail ghinearálta a bheartaítear a chomhdhlúthú i Rialachán ESMA faoin bpacáiste um an gComhtháthú margaidh agus maoirseacht.

Déantar foráil in Airteagail 3 go 9 maidir leis na cineálacha táillí, a módúlachtaí íocaíochta agus coinníollacha sonracha maidir le haisíoc chostais na gcúraimí arna dtarmligean chuig údaráis inniúla nó arna soláthar ag údaráis inniúla faoin Rialachán maidir le rátáil ESG.

Liostaítear in Airteagal 3 cineálacha táillí a cheanglófar ar sholáthraithe rátála ESG a íoc chomh maith le huainiú agus módúlachtaí na n-íocaíochtaí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú sna gníomhartha tarmligthe maidir le táillí atá le híoc le ESMA, ba cheart do ESMA pionós i gcás íocaíochtaí déanacha a ríomh i gcomhréir leis na forálacha maidir le hús mainneachtana a leagtar amach in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

In Airteagal 4 pléitear táillí maoirseachta bliantúla do sholáthraithe rátála ESG údaraithe nó aitheanta. Tá sé beartaithe go gcumhdófar gníomhaíochtaí maoirseachta leanúnacha ESMA leis na táillí bliantúla. An táille mhaoirseachta bhliantúil do sholáthraí rátála ESG údaraithe, beidh sí comhréireach lena láimhdeachas iomlán mar a cheanglaítear le hAirteagal 42(2) den Rialachán maidir le rátáil ESG.

Chun an bainistiú táillí a shimpliú a thuilleadh, agus chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ag ESMA chun na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe aige a dhéanamh, ba cheart táillí maoirseachta bliantúla a íoc in aon tráthchuid amháin le linn na chéad 3 mhí den bhliain féilire dá bhfuil na táillí sin dlite. Níor cheart táillí maoirseachta bliantúla a aisíoc.

I ndáil le táillí maoirseachta bliantúla, don bhliain ina dtugtar an t-údarúchán / an t-aitheantas i gcrích, ní íocfadh an soláthraí rátála ESG ach cuid de tháille mhaoirseachta chéad bhliana a bheadh ar bhonn pro rata de réir an ama idir dáta an údarúcháin / an aitheantais agus deireadh na bliana. Soláthraí rátála seachtrach ESG a údarófar nó a aithneofar nó a chlárófar le linn mhí na Nollag, ní íocfaidh sé táille mhaoirseachta na chéad bhliana.

Beidh ar sholáthraí rátála ESG tríú tír atá cláraithe de réir Airteagal 10 den Rialachán maidir le rátáil ESG táille mhaoirseachta bhliantúil sheasta EUR 6 000 a íoc. Tá sé sin i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán maidir le rátáil ESG lena gceanglaítear go gcumhdófar go hiomlán le méid táille a ghearrtar ar sholáthraí rátála ESG caiteachas riachtanach ESMA a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátála ESG. Tá an méid bunaithe ar an bhfíoras gurb é is mó a bheidh i gcostais mhaoirseachta athfhillteacha soláthraithe rátála ESG cláraithe costais ag eascairt as cumarsáid le maoirseoirí tríú tír agus as athbhreithniú ar fhaisnéis arna soláthar ag soláthraithe rátála ESG cláraithe. Socraítear an méid i gcomhréir le meastacháin ESMA ar chostais mhaoirseachta bhliantúla maidir le soláthraithe rátála ESG cláraithe.

Le hAirteagal 5, socraítear ceanglais maidir le táille údarúcháin. Is táille aonuaire í a léiríonn costais ESMA maidir le hiarratas ar údarúchán a phróiseáil. Tá sé sin i gcomhréir leis an gceanglas in Airteagal 42(1) den Rialachán maidir le rátálacha ESG ar dá réir gur cheart do tháillí a ghearrtar caiteachas riachtanach ESMA a chumhdach go hiomlán maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátála ESG agus le haisíoc aon chostas a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a thabhú agus cúraimí tarmligthe á ndéanamh acu. Braitheann na costais phróiseála cuid mhaith ar mhéid an tsoláthraí rátála ESG iarrthaigh. I gcás ina scoirtear de

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).).

sholáthraí rátála ESG a chatagóiriú mar sholáthraí rátála ESG beag, nó 3 bliana tar éis a chláraithe, cibé acu is túisce a tharlóidh, beidh sé faoi réir táille údarúcháin sheasta laghdaithe. Ina theannta sin, braitheann costais ESMA chun iarratas ar údarúchán a phróiseáil ar chastacht an iarratais freisin, go háirithe sna cásanna seo a leanas:

(1) go mbeartaíonn an t-iarratasóir rátálacha ESG a fhormhuiniú amhail dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán maidir le rátálacha ESG; nó

(2) go mbeartaíonn an t-iarratasóir seachfhoinsiú a úsáid.

In Airteagal 6 pléitear táille aonuaire do sholáthraithe rátála ESG tríú tír a dhéanann iarratas ar chlárúchán i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán maidir le rátáil ESG a íocfaidh táille chlárúcháin EUR 10 000. Léiríonn an méid sin go bhféadfadh iarracht mheasta ESMA chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais sin ar chlárúchán a bheith coibhéiseach le measúnuithe comhchosúla faoi chuimsiú shainorduithe maoirseachta eile de chuid ESMA.

Socrófar táille aonuaire le haghaidh aitheantais ag EUR 40 000 (Airteagal 7) agus socraítear í i gcomhréir le meastacháin ESMA ar iarratais ar aitheantas a phróiseáil. I gcomhréir le hAirteagal 12(5) den Rialachán maidir le rátáil ESG, beidh an cinneadh aitheantais bunaithe ar chritéir a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4 d'Airteagal 12 den Rialachán maidir le rátáil ESG, lena n-áirítear cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ionadaí dlíthiúil atá bunaithe san Aontas atá ceaptha go sainráite chun gníomhú thar a cheann agus an bhfuil sé faoi réir maoirseachta sa tríú tír sin ag soláthraí rátála ESG tríú tír.

Maidir le méideanna na dtáillí údarúcháin, na dtáillí aitheantais agus na dtáillí cláraithe atá sa Ghníomh seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh orthu chun méadú a d'fhéadfadh teacht ar chostais a chur san áireamh maidir le soláthraithe rátála ESG agus forbairtí nua sa mhargadh a údarú agus a aithint.

Maidir le táillí aonuaire údarúcháin, aitheantais agus cláraithe, i gcás ina gcinneann soláthraí rátála ESG a iarratas a tharraingt siar, beidh costais déanta cheana féin ag ESMA agus, dá bhrí sin, níor cheart aon iallach a bheith air táillí a bhaineann leis sin a aisíoc.

Gearrfar táille chlárúcháin aonuaire EUR 2 000 ar sholáthraithe rátála ESG beaga a thabharfaidh fógra do ESMA chun bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán maidir le rátálacha ESG (Airteagal 8). Gearrfar táillí maoirseachta bliantúla ar sholáthraithe rátála ESG beaga cláraithe – le linn na tréimhse ina mbainfidh siad tairbhe as an gcóras sealadach – ar táillí iad a bheidh comhréireach lena láimhdeachas is infheidhme agus nach mbeidh níos mó ná céatadán seasta i gceist leo. Mar sin féin, i gcás soláthraithe rátála ESG beaga cláraithe a d'fhéadfaí a chatagóiriú mar mhicreasholáthraithe rátála ESG de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 2013/34/AE, ba cheart iad a dhíolmhú ó tháillí maoirseachta bliantúla a íoc ar feadh na tréimhse ar fad ina mbaineann siad tairbhe as an gcóras sealadach.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do sholáthraithe beaga agus do mhicreasholáthraithe agus chun intuarthacht fhadtéarmach táillí a fheabhsú, tar éis dheireadh chur i bhfeidhm an chórais shealadaigh, soláthraithe beaga agus micreasholáthraithe a dhéanfaidh iarratas ar an údarúchán, bainfidh siad tairbhe as 2 bhliain bhreise ar lena linn a bheidh an táille mhaoirseachta bhliantúil faoi réir na huasteorann céanna.

Tá cur i bhfeidhm táillí atá comhréireach agus iomchuí do mhéid na soláthraithe rátála ESG agus do mhéid a maoirseachta, go háirithe nuair a dhéantar iad a chatagóiriú mar sholáthraithe rátála ESG beaga, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a chumhdaítear sin in Airteagal 42(2), an dara fomhír, den Rialachán maidir le rátáil ESG.

Dá ngearrfaí táillí maoirseachta díréireacha ar sholáthraithe rátála ESG beaga, sholáthrófaí dídhreasachtaí do sholáthraithe rátála ESG nua dul isteach sa mhargadh agus d'fhéadfadh sé ró-ualach a chur ar sholáthraithe rátála ESG beaga sa chéim thionscnaimh.

Le hAirteagal 9 tugtar cinnteacht do sholáthraithe rátála ESG agus d'údaráis inniúla na mBallstát nach bhféadfaidh ach ESMA táillí a thobhach ó sholáthraithe rátála ESG. Má dhéanann údaráis inniúla cúraimí arna dtarmligean chucu ag ESMA nó má thugann údaráis inniúla cúnamh do ESMA i gcomhréir leis an Rialachán maidir le rátáil ESG, aisíocfaidh ESMA na costais iarbhír leis na húdaráis inniúla sin.

Ar deireadh, in Airteagal 10, soláthraítear an amlíne maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chineál agus ar leibhéal na dtáillí a shonraítear in Airteagail 3 go 9 ar an mbealach seo a leanas:

| **Táillí údarúcháin/clárúcháin agus maoirseachta bliantúla** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Soláthraí atá bunaithe san Aontas** | **Soláthraí atá bunaithe lasmuigh den Aontas** | |
| | | **Coibhéis** | **Aitheantas** |
| **Táille údarúcháin** | 40 000 | 10 000 | 40 000 |
| **Táille bhreise**<br>**- Formhuiniú** | 5 000 | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| **Táille bhreise**<br>**- Seachfhoinsiú** | 5 000 | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| **Táille mhaoirseachta bhliantúil** | Comhréireach le láimhdeachas | 6 000 | Comhréireach le láimhdeachas |

Táillí le haghaidh soláthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas:

| **Córas éadrom Airt. 5 (3 bliana ar a mhéad) do sholáthraithe beaga** | | |
|---|---|---|
| | **Soláthraithe beaga** | **Micrea-eintitis a bhfuil láimhdeachas iomlán níos lú ná EUR 900 000 acu (mar a shainmhínítear i nDoiciméad Infheidhme)** |
| **Táille chlárúcháin** | 2 000 | 2 000 |
| **Táille mhaoirseachta bhliantúil** | Comhréireach le láimhdeachas le huasteorainn 2 % | Díolmhaithe |

| Údarúchán iomlán (tar éis 3 bliana) do sholáthraithe beaga | | |
|---|---|---|
| | **Soláthraithe beaga** | **Micrea-eintitis a bhfuil láimhdeachas iomlán níos lú ná EUR 900 000 acu (mar a shainmhínítear i nDoiciméad Infheidhme)** |
| **Táille údarúcháin** | 20 000 | 20 000 |
| **Táille mhaoirseachta bhliantúil** | Comhréireach le láimhdeachas le huasteorainn 2 % ar feadh 2 bhliain tar éis an údarúcháin<br>Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le láimhdeachas | Comhréireach le láimhdeachas le huasteorainn 2 % ar feadh 2 bhliain tar éis an údarúcháin<br>Ina dhiaidh sin, i gcomhréir le láimhdeachas |

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24.4.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táillí a ghearrann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar sholáthraithe rátála ESG**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG), agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/2088 agus (AE) 2023/2859[2], agus go háirithe Airteagal 42(2), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2024/3005, tá an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) le táillí comhréireacha a ghearradh ar sholáthraithe rátála ESG chun caiteachas riachtanach ESMA a chumhdach go hiomlán, ar caiteachas é a bhaineann le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátála ESG agus le haisíoc aon chostas a d'fhéadfadh na húdaráis inniúla a thabhú agus cúraimí á ndéanamh acu de bhun an Rialacháin sin, agus go háirithe mar thoradh ar aon tarmligean cúraimí i gcomhréir le hAirteagal 43 den Rialachán sin.

[2] IO L, 2024/3005, 12.12.2024, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3005/oj.

(2) Chun caiteachais ESMA a bhaineann le maoirseacht gníomhaireachtaí rátála creidmheasa a chumhdach go hiomlán, ba cheart do ESMA na táillí maoirseachta bliantúla uile a chinneadh ar bhonn an mheastacháin bhliantúil ar na costais dhíreacha uile is gá le haghaidh na gcúraimí maoirseachta a dhéanann ESMA agus ar bhonn cionroinnt réasúnta ar fhorchostais sheasta agus athraitheacha ESMA.

(3) Chun leithdháileadh táillí atá cothrom soiléir a áirithiú lena léirítear, an tráth céanna, an t-ualach riaracháin iarbhír in aghaidh an eintitis faoi mhaoirseacht, ba cheart do ESMA na táillí maoirseachta a ríomh bunaithe ar láimhdeachas na soláthraithe rátála ESG, ós rud é go bhfuil costas na maoirseachta níos airde do sholáthraithe rátála ESG ná do sholáthraithe rátála ESG níos lú.

(4) Chun é a chur ar a chumas do ESMA sonraí láimhdeachais iniúchta a dhiúscairt in am trátha chun meastachán a dhéanamh ar tháillí atá dlite do ESMA ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, ba cheart gurbh í bliain tagartha na gcuntas iniúchta chun an láimhdeachas is infheidhme a chinneadh an bhliain atá 2 bhliain roimh an mbliain airgeadais ar ina leith a ghearrann ESMA táillí ar an ngníomhaireacht rátála creidmheasa.

(5) Chun ríomh na dtáillí ag ESMA a éascú, ba cheart do sholáthraithe rátála ESG a gcuntais iniúchta a chur faoi bhráid ESMA faoi spriocdháta socraithe.

(6) Déantar láimhdeachas is infheidhme na ngníomhaireachtaí rátála creidmheasa a ríomh in euro. Is gá, dá bhrí sin, sásra a shonrú chun ioncam a ghintear in airgeadraí eile a chomhshó in euro. Ba cheart do ESMA pionós a ríomh i gcás íocaíochtaí déanacha i gcomhréir leis na forálacha maidir le hús mainneachtana a leagtar amach in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(7) Chun foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht bhuiséadach do ESMA agus do na soláthraithe rátála ESG lena mbaineann araon, ba cheart táille mhaoirseachta bhliantúil a ghearradh ar sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas agus lasmuigh den Aontas araon. Níor cheart táillí maoirseachta bliantúla a bheith ina n-ualach ar sholáthraithe rátála ESG beaga ná ar iontrálaithe nua sa mhargadh rátála ESG. Dá bhrí sin, ba cheart an táille mhaoirseachta bhliantúil a bheith comhréireach agus iomchuí do mhéid na soláthraithe rátála ESG agus do mhéid na maoirseachta a dhéantar orthu. I gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/3005, tugadh isteach córas sealadach chun iontráil soláthraithe beaga rátála ESG sa mhargadh a éascú agus chun tacú le forbairt soláthraithe beaga rátála ESG atá ag oibriú san Aontas cheana. Ar feadh ré an chórais shealadaigh sin, ba cheart do ESMA táille mhaoirseachta bhliantúil a ghearradh ar sholáthraithe rátála ESG beaga i gcomhréir lena láimhdeachas is infheidhme. Ós rud é nach gceanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/3005 an méid céanna maoirseachta ar sholáthraithe rátála ESG beaga agus a cheanglaítear i gcás eintitis eile agus i bhfianaise an chuspóra atá ann rochtain ar an margadh a éascú do sholáthraithe rátála ESG beaga, is gá uasteorainn ar tháillí a thabhairt isteach arna dtomhas mar sciar den láimhdeachas is infheidhme.

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

(8) I gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[4], ba cheart na táillí a ghearrtar ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa a shocrú ar leibhéal lena n-áirithítear go gcumhdaítear costas iomlán na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESMA agus go seachnaítear easnamh, ach go seachnaítear carnadh suntasach barrachais an tráth céanna. I gcás ina dtagann toradh suntasach ar an mbuiséad chun bheith athfhillteach, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtáillí.

(9) Chun an bainistiú táillí a shimpliú a thuilleadh agus chun a áirithiú go mbeidh na cistí is gá ag ESMA chun na gníomhaíochtaí maoirseachta atá beartaithe aige a dhéanamh, ba cheart táillí maoirseachta bliantúla a íoc in aon tráthchuid amháin le linn na chéad 3 mhí den bhliain féilire dá bhfuil na táillí sin dlite. Níor cheart táillí maoirseachta bliantúla a aisíoc.

(10) Ba cheart do ESMA táille údarúcháin a ghearradh ar sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas chun na costais a léiriú a bhaineann le próiseáil an iarratais ar údarúchán. Méadaíonn castacht iarratais ar údarúchán agus costais a bhaineann lena mheasúnú i gcás ina mbeartaíonn soláthraí rátála ESG rátálacha ESG a fhormhuiniú nó ina mbeartaíonn sé seachfhoinsiú a úsáid. Dá bhrí sin, ba cheart an táille údarúcháin a mhéadú trí tháille a bhaineann leis an bhformhuiniú nó leis an seachfhoinsiú dá réir sin. Braitheann na costais phróiseála cuid mhaith freisin ar mhéid na soláthraithe rátála ESG iarrthacha. Dá bhrí sin, ba cheart an táille údarúcháin do sholáthraí rátála ESG beag a bheith níos lú ná an táille údarúcháin sheasta ghinearálta i gcás ina scoirtear de bheith á chatagóiriú mar sholáthraí rátála ESG beag, nó 3 bliana tar éis a chláraithe, cibé acu is túisce a tharlóidh.

(11) Soláthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar chlárúchán faoi chóras coibhéise i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/3005, ba cheart dóibh táille chlárúcháin a íoc ar cheart go léireodh le méid na táille sin go ndearna ESMA iarracht chun na hiarratais sin ar chlárúchán a mheasúnú. Ós rud é gur próiseas níos simplí é an clárúchán faoin gcóras coibhéise ná an t-údarúchán agus ós rud é go bhfuil soláthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas faoi réir an údarúcháin agus na maoirseachta lasmuigh den Aontas cheana féin, ba cheart an táille chlárúcháin a bheith i bhfad níos ísle dá réir sin ná mar atá i gcás an údarúcháin. Ba cheart do sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/3005 táillí a íoc chun a gcostais aitheantais agus maoirseachta bliantúla a chumhdach. I ndáil leis sin, baineann caiteachas riachtanach ESMA le haitheantas a thabhairt do na soláthraithe rátála ESG sin atá bunaithe lasmuigh den Aontas a leanann nós imeachta atá cosúil leis an nós imeachta is infheidhme maidir le húdarúchán soláthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas, agus caiteachas ESMA is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthraithe rátála ESG aitheanta.

(12) Ba cheart táille chlárúcháin sheasta a ghearradh ar sholáthraithe rátála ESG beaga a thugann fógra do ESMA chun bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/3005. I gcás soláthraithe rátála ESG beaga cláraithe is féidir a chatagóiriú mar mhicreasholáthraithe rátála ESG de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais do na comhlachtaí arna mbunú faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], ba cheart iad a dhíolmhú ó tháillí maoirseachta bliantúla a íoc ar feadh na tréimhse ar fad ina mbaineann siad tairbhe as an gcóras sealadach.

(13) I bhfianaise forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, d'fhéadfaí méideanna na dtáillí údarúcháin, aitheantais agus clárúcháin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

(14) Tabhaíonn údaráis inniúla costais nuair a bhíonn cúraimí arna dtarmligean chucu ag ESMA á ndéanamh acu agus nuair a bhíonn cúnamh á thabhairt acu do ESMA sna cásanna eile a shonraítear i Rialachán (AE) 2024/3005. Ba cheart na costais sin a chumhdach freisin leis na táillí atá le gearradh ag ESMA ar sholáthraithe rátála ESG. Ionas nach dtabhóidh na húdaráis inniúla náisiúnta caillteanas ná brabús as cúraimí tarmligthe a dhéanamh nó as cúnamh a thabhairt do ESMA, níor cheart do ESMA ach na costais iarbhír arna dtabhú ag an údarás inniúil náisiúnta sin a aisíoc.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Gnóthú costas maoirseachta ina n-iomlán**

Leis na táillí a ghearrfar ar sholáthraithe rátálacha ESG, cumhdófar na costais uile a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) maoirseacht ESMA ar sholáthraithe rátála ESG i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/3005, lena n-áirítear costais ag eascairt as údarúchán, clárúchán agus aitheantas soláthraithe rátála ESG;

(b) aisíocaíocht údarás inniúil ar chucu a tharmlig ESMA cúraimí i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 2024/3005;

(c) aisíocaíocht údarás inniúil a thug cúnamh do ESMA i gcomhréir le hAirteagal 33(4) agus Airteagal 34(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/3005.

*Airteagal 2*
**Láimhdeachas is infheidhme**

1. Chun na táillí maoirseachta bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 4 agus na táillí clárúcháin agus maoirseachta do sholáthraithe rátála ESG beaga dá dtagraítear in Airteagal 8 a ríomh, is é a bheidh sa láimhdeachas is infheidhme do bhliain airgeadais ar leith (n) ioncam soláthraí rátála ESG nó ioncam an ghrúpa soláthraithe rátála ESG lena mbaineann sé a ghintear ó ghníomhaíochtaí rátála ESG mar a fhoilsítear ina chuntais iniúchta nó ina chuntais arna ndeimhniú ag iniúchóirí seachtracha na bliana n–2.

2. I gcás nár oibrigh an soláthraí rátála ESG le linn na bliana airgeadais iomláine (n–2), déanfaidh ESMA meastachán ar an ioncam is infheidhme tríd an méid sin a eachtarshuí don bhliain airgeadais iomlán.

[5] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj).

3. I gcás nach bhfuil cuntais iniúchta ar fáil do sholáthraí rátála ESG ar leith le haghaidh na bliana (n–2), úsáidfidh ESMA cuntais iniúchta bhliain (n–1) an tsoláthraí rátála ESG sin.

4. Déanfaidh soláthraithe rátála ESG, ar bhonn bliantúil, cuntais iniúchta dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar do ESMA. Cuirfidh soláthraithe rátála ESG na cuntais sin faoi bhráid ESMA trí mheán leictreonach faoin 30 Meán Fómhair gach bliain (n-1).

5. I gcás ina dtuairiscítear an t-ioncam dá dtagraítear i mír 1 in airgeadra seachas euro, déanfaidh ESMA an t-ioncam sin a chomhshó go euro agus úsáidfear an meánráta malairte eachtraí euro is infheidhme maidir leis an tréimhse inar taifeadadh an t-ioncam sin. Chun na críche sin, úsáidfidh ESMA an ráta tagartha malairte eachtraí euro arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach.

*Airteagal 3*

**Cineálacha táillí agus módúlachtaí íocaíochta ginearálta**

1. Gearrfaidh ESMA na cineálacha táillí seo a leanas ar sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas agus a dhéanann iarratas ar údarúchán i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/3005:

   (a) táillí maoirseachta bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 4;

   (b) táillí maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 5.

2. Gearrfaidh ESMA na cineálacha táillí seo a leanas ar sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar údarúchán i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/3005:

   (a) táillí maoirseachta bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 4;

   (b) táillí aitheantais i gcomhréir le hAirteagal 7.

3. Gearrfaidh ESMA na cineálacha táillí seo a leanas ar sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar chlárúchán faoin gcóras coibhéise i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/3005:

   (a) táillí maoirseachta bliantúla seasta i gcomhréir le hAirteagal 4;

   (b) táillí clárúcháin i gcomhréir le hAirteagal 6.

4. Gearrfaidh ESMA táillí maoirseachta bliantúla comhréireacha agus táillí cláraithe comhréireacha ar sholáthraithe rátála ESG beaga dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2024/3005 i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán seo.

5. Is in euro a bheidh na táillí iníoctha. Beidh siad iníoctha mar a shonraítear in Airteagail 4, 5, 6 agus 7.

6. Tabhófar le haon íocaíocht dhéanach an t-ús mainneachtana a leagtar síos in Airteagal 99 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

---

[6] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj

*Airteagal 4*

**Táille mhaoirseachta bhliantúil**

1. Gearrfaidh ESMA táille mhaoirseachta bhliantúil ar sholáthraí rátála ESG cláraithe nó údaraithe atá bunaithe san Aontas nó ar sholáthraí rátála ESG aitheanta atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

2. Gearrfaidh ESMA táille mhaoirseachta bhliantúil sheasta EUR 6 000 ar sholáthraí rátála ESG cláraithe atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus atá ag oibriú san Aontas faoin gcóras coibhéise i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/3005.

3. Ríomhfaidh ESMA an costas maoirseachta bliantúil iomlán agus an táille mhaoirseachta bhliantúil le haghaidh bliain airgeadais ar leith do sholáthraí rátála ESG atá cláraithe nó údaraithe san Aontas nó do sholáthraí rátála ESG aitheanta atá bunaithe lasmuigh den Aontas mar a leanas:

   (a) is é a bheidh sa bhonn chun an costas maoirseachta bliantúil iomlán a ríomh le haghaidh bliain airgeadais ar leith (n) an meastachán ar chaiteachas a bhaineann leis an maoirseacht ar sholáthraithe rátála ESG mar a áirítear i mbuiséad ESMA don bhliain sin, a leagtar amach agus a fhormheastar i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7];

   (b) is é a bheidh sa mhéid ábhartha chun an táille mhaoirseachta bhliantúil a ríomh le haghaidh bliain airgeadais ar leith (n) an meastachán iomlán ar chaiteachas dá dtagraítear i bpointe (a) arna laghdú leis na táillí maoirseachta bliantúla dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;

   (c) íocfaidh soláthraí rátála ESG cláraithe nó údaraithe nó soláthraí rátála ESG aitheanta dá dtagraítear i mír 1, mar tháille mhaoirseachta bhliantúil, cuid den mhéid ábhartha a chomhfhreagraíonn do chóimheas láimhdeachas is infheidhme an tsoláthraí rátála ESG chláraithe nó údaraithe nó aitheanta le láimhdeachas iomlán is infheidhme na soláthraithe rátála ESG cláraithe, údaraithe agus aitheanta uile a gceanglaítear orthu táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc i gcomhréir le mír 1.

4. Íocfar an táille mhaoirseachta bhliantúil in aon tráthchuid amháin, a bheidh dlite tráth nach déanaí ná deireadh mhí Mhárta na bliana lena mbaineann.

   Seolfaidh ESMA nótaí dochair chuig na soláthraithe rátála ESG lena mbaineann lena sonraítear méid na táille maoirseachta ar a laghad 30 lá roimh an lá a bhfuil na táillí bliantúla le híoc.

   Ní aisíocfar an táille mhaoirseachta bhliantúil.

5. De mhaolú ar mhír 3, soláthraí rátála ESG údaraithe nó aitheanta a bhfuil sé de cheangal air táille mhaoirseachta bhliantúil a íoc i gcomhréir le mír 1, íocfaidh sé táille mhaoirseachta tosaigh, i mbliain a údaraithe, a aitheantais nó a chlárúcháin, arna ríomh mar seo a leanas:

---

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

*táille chéad bhliana soláthraí rátála ESG údaraithe, chláraithe nó aitheanta = táille chlárúcháin * comhéifeacht*

*líon na laethanta féilire ón dáta údarúcháin, clárúcháin nó aitheantais go dtí an 31 Nollaig i mbliain (n)*
*Comhéifeacht = -----------------------------------------*
*líon na laethanta féilire i mbliain (n)*

Mar sin féin, soláthraí rátála ESG atá údaraithe, aitheanta nó cláraithe le linn mhí na Nollag, ní íocfaidh sé táille mhaoirseachta na chéad bhliana.

*Airteagal 5*
**Táille údarúcháin**

1. Beidh méid na táille údarúcháin a bheidh le híoc ag soláthraithe rátála ESG aonair atá bunaithe san Aontas agus a dhéanann iarratas ar údarúchán comhréireach le castacht an iarratais.

2. Íocfaidh soláthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas táille údarúcháin sheasta EUR 40 000.

   Mar sin féin, soláthraithe rátála ESG beaga, lena n-áirítear iad siúd a aicmítear mar mhicreasholáthraithe rátála ESG, a roghnaíonn teacht faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/3005 i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán sin nó, tar éis an córas sealadach a thabhairt i gcrích, a bhfuil sé d'oibleagáid orthu iarratas a dhéanamh ar údarúchán, íocfaidh siad táille údarúcháin sheasta EUR 20 000.

3. Soláthraithe rátála ESG atá bunaithe san Aontas a dhéanann iarratas, tráth tíolactha an iarratais ar údarúchán, ar rátálacha ESG a fhormhuiniú nó ar sheachfhoinsiú a úsáid, íocfaidh siad EUR 5 000 breise le haghaidh gach iarrata.

4. Soláthraí rátála ESG atá bunaithe san Aontas agus atá údaraithe cheana féin i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/3005 agus a chuireann iarraidh isteach maidir le rátálacha ESG a fhormhuiniú nó maidir le seachfhoinsiú a úsáid, íocfaidh sé táille EUR 5 000 le haghaidh gach iarrata.

5. Beidh an táille údarúcháin dlite tráth a dhéanfaidh an soláthraí rátála ESG atá bunaithe san Aontas iarratas ar údarúchán agus beidh sí iníoctha ina hiomláine laistigh de 30 lá féilire ó dháta eisiúna nóta dochair ESMA.

6. Ní aisíocfaidh ESMA táille chlárúcháin a íocadh más rud é go dtarraingíonn gníomhaireacht rátála creidmheasa a hiarratas ar chlárúchán siar sula nglacann ESMA an cinneadh réasúnaithe chun clárúchán a dhéanamh nó a dhiúltú.

*Airteagal 6*
**Táille chlárúcháin do sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas**

1. Soláthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar chlárúchán faoi chóras coibhéise i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/3005, íocfaidh siad táille chlárúcháin sheasta EUR 10 000.

2. Beidh an táille chlárúcháin dlite tráth a dhéanfaidh an soláthraí rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas iarratas ar chlárúchán agus beidh sí iníoctha ina hiomláine laistigh de 30 lá féilire ó dháta eisiúna nóta dochair ESMA.

3. Ní aisíocfaidh ESMA táille chlárúcháin íoctha i gcás ina ndéanfaidh soláthraí rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas a iarratas ar chlárúchán a tharraingt siar sula ndeimhneoidh ESMA iomláine na faisnéise arna soláthar ag an soláthraí rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas.

*Airteagal 7*

**Táille aitheantais do sholáthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas**

1. Soláthraithe rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a dhéanann iarratas ar aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/3005, íocfaidh siad táille aitheantais sheasta EUR 40 000.

2. Beidh an táille aitheantais dlite tráth a dhéanfaidh an soláthraí rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas iarratas ar aitheantas agus beidh sí iníoctha ina hiomláine laistigh de 30 lá féilire ó dháta eisiúna nóta dochair ESMA.

3. Ní aisíocfaidh ESMA táille chlárúcháin a íocadh más rud é go dtarraingíonn soláthraí rátála ESG atá bunaithe lasmuigh den Aontas a iarratas ar aitheantas siar sula nglacann ESMA an cinneadh réasúnaithe chun aitheantas a dheonú nó a dhiúltú.

*Airteagal 8*

**Táillí cláraithe agus maoirseachta bliantúla do sholáthraithe rátála ESG beaga**

1. Gearrfaidh ESMA táillí cláraithe seasta EUR 2 000 ar sholáthraithe rátála ESG beaga atá bunaithe san Aontas agus a thugann fógra do ESMA chun bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/3005.

2. De mhaolú ar Airteagal 4, gearrfaidh ESMA táillí maoirseachta bliantúla atá comhréireach lena láimhdeachas is infheidhme agus nach mó ná 2 % dá láimhdeachas is infheidhme ar sholáthraithe rátála ESG cláraithe beaga, ar feadh na tréimhse iomláine a bhaineann siad tairbhe as an gcóras sealadach le haghaidh soláthraithe rátála ESG beaga i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/3005. Na soláthraithe rátála ESG beaga cláraithe is féidir a chatagóiriú mar mhicreasholáthraithe rátála ESG agus dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2013/34/AE, díolmhófar iad ó tháillí maoirseachta bliantúla a íoc ar feadh na tréimhse ar fad ar lena linn a bhaineann siad tairbhe as an gcóras sealadach.

3. I gcás ina roghnaíonn soláthraí rátála ESG beag teacht faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/3005 i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Rialachán sin, íocfaidh an soláthraí rátála ESG beag sin an táille údarúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo.

4. Tar éis thabhairt i gcrích an chórais shealadaigh le haghaidh soláthraithe rátála ESG beaga i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2024/3005 agus na hoibleagáide ina dhiaidh sin iarratas ar údarúchán a chur isteach laistigh de 6 mhí chun leanúint de bheith ag oibriú san Aontas, le linn an 2 bhliain tar éis an dáta sin, leanfaidh na soláthraithe rátála ESG sin de na táillí maoirseachta comhréireacha a íoc nach mó ná 2 % dá láimhdeachas is infheidhme iad. Ag tosú ón tríú bliain tar éis dóibh údarúchán a fháil, tosóidh siad ag íoc táillí maoirseachta comhréireacha arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán seo.

*Airteagal 9*

**Aisíocaíocht údarás inniúil náisiúnta**

1. Is é ESMA amháin a ghearrfaidh táillí ar sholáthraithe rátála ESG as a n-údarúchán, a n-aitheantas, a gclárúchán agus a maoirseacht. Ní ghearrfaidh údaráis inniúla táillí ar sholáthraithe rátála ESG, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéanann na húdaráis sin cúraimí tarmligthe thar ceann ESMA i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2024/3005.

2. Aisíocfaidh ESMA le húdaráis inniúla na costais iarbhír arna dtabhú mar thoradh ar chúraimí tarmligthe a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2024/3005 nó mar thoradh ar chúnamh a thabhairt do ESMA i gcomhréir le hAirteagail 33(4) nó 34(5) den Rialachán sin. Is é a bheidh sna costais a bheidh le haisíoc na costais sheasta agus athraitheacha uile a bhaineann le feidhmiú na gcúraimí tarmligthe nó leis an gcúnamh arna sholáthar do ESMA.

*Airteagal 10*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*